


Gníomhaíocht Daltaí: Fad Slí

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Fad slí” ar CD an Dalta.

Iniúchadh ar an tslí leis an bhfad idir dhá phointe a oibriú amach



Déanann tú an t-eolas ar an scáileán a athrú leis an sleamhnóir "Céim".

Chun tosú, socraigh an sleamhnóir ionas go mbeidh “Céim = 1”

- Nuair atá “Céim=1” scríobh síos an fad slí idir na pointí A agus B.
-

- Socraigh an sleamhnóir ag “Céim=“2”. Scríobh an fad slí idir na pointí C agus D.
-

- Socraigh an sleamhnóir ag “Céim=3”. Scríobh síos an fad slí idir na pointí E agus F.
-

- Socraigh an sleamhnóir ag “Céim=4”. Oibrigh amach na faid $|PQ|$ agus $|QR|$ agus scríobh síos an fad slí idir na pointí P agus R.
-

5. Socraigh an sleamhnóir ag “Céim=5”. Oibrigh amach na faid $|UT|$ agus $|TS|$ agus scríobh síos an fad slí idir na pointí U agus S. _____

6. Faid chothrománacha agus faid ingearacha a bhí i gceist go dtí seo. Chun fad trasnánach a oibriú amach beidh na scileanna sin ag teastáil, mar aon le teoirim Phíotagaráis. Bog an sleamhnóir ar aghaidh go dtí “Céim =6”.

Scríobh síos an fad slí idir na pointí A agus C. _____

Scríobh síos an fad slí idir na pointí B agus C. _____

Triantán dronuilleogach é an triantán ABC, agus tá fad dhá shlios den triantán dronuilleogach sin ar eolas. Ríomh $|AB|$ le cuidiú Theoirim Phíotagaráis.

7. Brúigh an sleamhnóir arís go mbeidh sé ag “Céim=7”.

Scríobh síos an fad idir na pointí D agus F. _____

Scríobh an fad idir an pointí E agus F. _____

Triantán dronuilleogach atá sa triantán DEF agus tá dhá shlios den triantán sin ar eolas againn. Úsáid Teoirim Phíotagaráis chun $|DE|$ a ríomh.

8. Bog an sleamhnóir arís go dtí “Céim=8”. Bog an pointe R ionas go ndéanfaidh tú triantán dronuilleogach PQR (bíodh bonn an triantáin cothrománach).

Scríobh síos $|PR|$. _____ Scríobh síos $|QR|$. _____

Ríomh an fad $|PQ|$. _____
